# Tuarascáil faoi na Moltaí maidir le Buiséid Charbóin 2024

## Achoimre do Chách

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH um ATHRÚ AERÁIDE

# Tuarascáil faoi na Moltaí maidir le Buiséid Charbóin 2024 Achoimre do Chách

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
Áras McCumiskey, Richview,
Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14, D14 YR62

Teil: 01 2680180

Ríomhphost: info@climatecouncil.ie

www.climatecouncil.ie

© An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide 2024

ISBN: 978-1-80009-230-3

Conas an doiciméad seo a lua:

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2024), *Tuarascáil faoi na Moltaí maidir le Buiséid Charbóin, 2024: Achoimre do Chách*. https://www.climatecouncil.ie/councilpublications/

# Tuarascáil faoi na Moltaí maidir le Buiséid Charbóin 2024: Achoimre do Chách

Mar gheall ar an athrú aeráide, tá tuilte, triomaigh agus damáiste don chósta ag dul in olcas anois, agus tá iarmhairtí móra, costasacha aige sin do dhaoine, do phobail agus don dúlra ar fud na hÉireann.

Beidh an t-athrú is mó ó bunaíodh an Stát ag teastáil ionas gur féidir le hÉirinn freagra práinneach a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda sin. Tá sé riachtanach amach is amach go stopfar ag baint úsáid as breoslaí iontaise, fiú faoi 2039 (is é sin, i gceann 15 bliana). Go dtí seo, níor éirigh leis an tír aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus, mar atá cúrsaí anois, dealraíonn sé nach n-éireoidh linn cloí leis na buiséid charbóin a comhaontaíodh i leith na tréimhse go dtí 2030. Tá a fhios againn go mbeidh costais as cuimse ar gheilleagar na hÉireann agus ar mhuintir na hÉireann mura ndéanfaimid rud ar bith.


Bhreithnigh an Chomhairle an fhianaise eolaíoch is déanaí agus chinn sí bealaí atá ag teacht leis an gCuspóir Aeráide Náisiúnta chun bunús a chur faoi na buiséid charbóin atá á moladh. Níl aon dabht ann ach go gcuirfidh an t-aistriú sin isteach go mór orainn, go mbeidh sé costasach ar dtús agus nach go cothrom a roinnfear an t-ualach idir gach duine. Caithfear an t-aistriú a bhainistiú go cúramach agus ar bhealach cuimsitheach chun féachaint chuige go dtabharfar aghaidh i gceart ar na tionchair a d'fhéadfaí a imirt ar dhaoine, ar phobail agus ar an dúlra. Mar sin féin, is deis é d'Éirinn chun sochaí níos inbhuanaithe agus timpeallacht níos glaine a bhaint amach, agus chun sláinte agus folláine daoine a fheabhsú. Is deis é freisin chun neamhspleáchas fuinnimh agus cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach, chun iomaíochas gheilleagar a hÉireann a neartú i ndomhan ísealcharbóin, agus chun cur le seasmhacht na tíre i leith thionchar an athraithe aeráide.

An méid atá molta ag an gComhairle, tá sé indéanta le teicneolaíochtaí an lae inniu ach is dúshlán mór é don tír, ó thaobh na gné polaitiúla agus na gné sóisialta de. Beidh roghanna beartais deacra agus infheistíocht mhór ag teastáil chun freastal ar an gcur chuige sin, agus beidh tionchar mór aige ar an ngeilleagar. Teastóidh ceannaireacht pholaitiúil láidir uainn freisin lena chinntiú gur féidir le sochaí na hÉireann a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, agus nach bhfágfaimid aon duine inár ndiaidh.

Leis na buiséid charbóin, leagtar amach conair d'Éirinn chun sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de a bhaint amach roimh 2050, ionas nach mbeidh Éire ag cur a thuilleadh leis an ardú ar an teocht dhomhanda. Chuige sin, beidh orainn a lán rudaí a athrú: an chaoi a ndéanaimid ár dtithe a théamh, an chaoi a ngluaisimid thart, an chaoi a dtáirgimid muid bia agus an chaoi a rithimid ár ngnóthaí.

Léirítear i **bhFíor 1** buiséid charbóin bheartaithe na Comhairle do na tréimhsí 2031–2035 agus 2036–2040 agus léirítear inti freisin na buiséid charbóin atá comhaontaithe don tréimhse suas go dtí 2030. Is éard a bhí i gceist le Buiséad Carbóin sealadach 3 (2031–2035) ríomh líneach chun $GWP_{100}$[a] glan-nialasach a bhaint amach faoi 2050. Baineadh úsáid as anailísí nuashonraithe ar roghanna maolaithe don bhuiséad nua atá molta, inar bhreithnigh an Chomhairle conairí i dtaobh neodracht teochta seachas é a chur de shrian ar Éirinn glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach ó thaobh $GWP_{100}$[a] de.

a Léiríonn Téamh Domhanda Ionchasach 100 ($GWP_{100}$) an tionchar a bheidh ag astú gáis ar théamh an atmaisféir le linn tréimhse 100 bliain i gcomparáid leis an méid céanna dé-ocsaíd charbóin a astú. Mar shampla, tá astú 36 tonna meatáin comhionann le hastaíochtaí thart ar 1,000 tonna de dhé-ocsaíd charbóin, más é 28 an luach $GWP_{100}$ atá ag meatán.




**Fíor 1: Moladh ón gComhairle le haghaidh Buiséad Carbóin 3 (BC3: 2031–2035) de 160 Mt $CO_2$ eq agus leagan sealadach de Bhuiséad Carbóin 4 (BC4: 2036–2040) de 120 Mt $CO_2$ eq ag baint úsáid as $GWP_{100}$ i gcomhthéacs Bhuiséad Carbóin 1 (BC1: 2021–2025), atá ceadaithe, agus Bhuiséad Carbóin 2 (BC2: 2026–2030)[a] agus as meastacháin shealadacha ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar astaíochtaí iomlána sna blianta 2021–2023.[b]**

Is é an toradh a bhí air sin ná méadú 9 Mt $CO_2$ eq sa leagan deiridh a mhol an Chomhairle de Bhuiséad Carbóin 3. Teastaíonn laghdú bliantúil 6.3% ar a laghad ar an meán, bliain ar bhliain, go dtí 2040 ionas nach sárófar na buiséid charbóin.

Ní mór béim a leagan air nach bhfuil uasteorainneacha earnálacha á moladh ag an gComhairle, mar is ar an Rialtas atá an fhreagracht sin. Le leithdháileadh na n-uasteorainneacha earnála, cinnfear cé na dúshláin a bheith roimh gach earnáil agus cén tacaíocht riachtanach a bheidh ar an Rialtas a sholáthar. Thairis sin, leis na buiséid charbóin a léirítear i **bhFíor 1**, ní chuirtear san áireamh aon sárú tairsí a dhéanfar i dtaobh astaíochtaí idir seo agus 2030. Má sháraíonn astaíochtaí i dtréimhse bhuiséid carbóin an buiséad carbóin comhaontaithe, ní mór é sin a chúiteamh sa chéad bhuiséad carbóin eile.

## Céard a chaithfidh an Rialtas a dhéanamh?

- Caithfidh an Rialtas gealladh, ar bhonn práinneach, tabhairt faoin bpróiseas seo trí na cinntí infheistíochta, cánachais agus beartais is gá a dhéanamh.
- Caithfidh an Rialtas infheistíocht agus acmhainní a chur in ord tosaíochta anois chun airgead a shábháil ar dhaoine agus ar ghnóthais trí stopadh de réir a chéile ag úsáid breoslaí iontaise, ionas nach gá fíneálacha agus costais chomhlíontachta a íoc amach, chun bheith iomaíoch i ndomhan ísealcharbóin agus chun cur leis an tseasmhacht i leith an athraithe aeráide.

b https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/irelands-provisional-greenhouse-gas-emissions-1990-2023.php

- Caithfidh an Rialtas dóthain tacaíocht airgeadais a chur ar fáil ionas go mbeidh daoine, teaghlaigh, pobail uirbeacha agus pobail tuaithe, agus earnálacha a mbeidh tionchar ag an bpróiseas orthu, in ann beart a dhéanamh ag an luas agus an scála is gá.
- Caithfidh an Rialtas dlús a chur le cur i bhfeidhm na straitéisí atá ann faoi láthair chun scileanna daoine agus gnólachtaí a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann freastal ar theicneolaíochtaí agus cleachtais nua, agus scileanna nua a mhúineadh an tráth céanna do dhaoine sna hearnálacha a mbeidh tionchar ag an aistriú orthu.
- Caithfidh príomhranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, cuideachtaí leathstáit agus údaráis áitiúla a bheith ag obair chun an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach, agus caithfidh a gcuspóirí féin a bheith ag teacht leis.